21 Lúnasa 2020

San eagrán seo:

- Filleadh ar an naíonra
- Teimpléad: eolas do thuismitheoirí
- Acmhainní Covid-19 do naíonraí
- Leabhair rolla agus timpiste
- Ábhar do na naíonraí ar gaeloideachas.ie
- Tae agus plé i ndiaidh athoscailt



Filleadh ar an naíonra

A chairde,

Beatha agus sláinte. Tá súil againn go bhfuil sibh go maith, agus gur choinnigh

céimiúil, agus tá ról ar leith ag múinteoirí naíonra san athoscailt seo sna míonna amach romhainn.

Níos mo ná riamh, tuigeann tuismitheoirí agus an mórphobal i gcoitinne an luach ollmhór atá le bhur gcuid oibre mar oideachasóirí agus cúramóirí do pháistí óga. Tá seirbhísí luathbhlianta mar chrann taca d'ár bpobail, agus tá aitheantas ar leith ag dul d'oibrithe na hearnála dá réir. Táimid i bhfad ón aitheantas cuí sin go fóill, áfach, agus tá stocaireacht leanúnach ar bun ag na páirtithe luathbhlianta leis an Roinn Leanaí le cúinsí níos fearr a éileamh do na hoibrithe sna seirbhísí. Roinnfear tuilleadh eolais maidir leis an stocaireacht seo i nuachtlitreacha amach anseo, ach don chéad eagrán seo, táimid ag díriú ach go háirithe ar an athoscailt, agus na tacaíochtaí sonracha atá ar fáil chuige.

Acmhainní, Oiliúint agus Stocaireacht

Tá acmhainní agus clár oiliúna agus tacaíochta do mhúinteoirí naíonra á fhorbairt ag Gaeloideachas don téarma romhainn. Beimid ag díriú go sonrach ar rudaí praiticiúla mar a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa naíonra, sé sin, réimse freagrachta na heagraíochta mar a bhaineann leis na luathbhlianta. Leanfaimid orainn ag déanamh stocaireachta ar son na hearnála ag na fóraim náisiúnta, leithéidí Fóram Náisiúnta Luathbhlianta na Roinne Leanaí, grúpaí oibre an Fhóraim maidir le gairmiúlacht san earnáil agus forbairt lucht saothair na hearnála, agus an Comhar Náisiúnta Deonach um Chúram leanaí, chomh maith le bheith ag comhoibriú lenar gcomhghleacaithe sna Naíonraí Gaelacha agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

Foilseofar na hacmhainní nuafhorbartha de réir a chéile, sna nuachtlitreacha agus ar an suíomh idirlín araon. Fáiltíonn muid i gcónaí roimh moltaí maidir le hacmhainní breise. Ní i gcónaí go luíonn forbairt na n-acmhainní céanna le ról na heagraíochta, agus sna cásanna nach féidir linn féin tabhairt faoi, pléann muid na féidearthachtaí leis na páirtithe luathbhlianta nó na gníomhaireachtaí Stáit atá freagrach as an réimse sin. Is féidir moltaí a sheoladh chugainn am ar bith trí ríomhphost a chur chuig katie@gaeloideachas.ie.

Ceardlanna

Déanfar comhairliúcháin libh maidir le hábhar ceardlainne don téarma romhainn, agus cuirfear deiseanna ar fáil le teacht le chéile ar líne le heolas a mhalartú agus tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla d'obair an naíonra. Gabhaimid buíochas le hAisling agus Jessica ó Naíonra Chaitlín Maude a chur ceardlann fiúntach agus bríomhar maidir le cur leis na caidrimh le tuismitheoirí inar láthair ar líne i mí Lúil, agus leis na rannpháirtithe uile a

bhreá linn na gréasáin tacaíochta a spreagadh ar líne. Scaipfear féilire imeachtaí Zoom oraibh go luath i ndiaidh dúinn na féidearthachtaí a chíoradh libh.

Gabhaimid buíochas libh as bhur saineolas agus taithí a roinnt linn go fial. Tá foireann Gaeloideachas ag obair ón mbaile ón 13 Márta, agus leanfaimid orainn ar an gcaoi céanna go cheann tamaill eile, de réir comhairle an Rialtais. Cuireann muid fáilte ar ais roimh ár gcomhghleacaithe, Katie Ní Riain (Oifigeach Forbartha) agus Nóra Ní Loingsigh (Leas-Ardfheidhmeannach) atá fillte i ndiaidh saoire mháithreachais agus saoire uchtála, agus táimid uile ar an bhfoireann ag súil le bheith ag obair go dian agus go dlúth libh sa bhliain romhainn.

Le buíochas,
Clare Spáinneach, Bainisteoir Seirbhísí

Teimpléad: eolas do thuismitheoirí

Seo chugaibh teimpléad nua i nGaeilge agus i mBéarla gur féidir a chur in oiriúint do bhur naíonra féin le heolas a roinnt le tuismitheoirí maidir le hathoscailt an naíonra. Cliceáil anseo leis an teimpléad a íoslódáil.

Cáipéis Microsoft Word atá ann, dhá leathanach san iomlán. Léigh go cúramach é le cinntiú go bhfuil an buneolas ann ag teacht lena mbeadh de dhíth ó do naíonra, agus ansin cuir na píosaí atá aibhsithe i ndath buí in oiriúint do bhur naíonra féin. Is féidir é a chló nó é a scaipeadh go leictreonach ar na tuismitheoirí.

Tá súil againn go mbeidh sé ina chabhair, agus má tá aon cheist agaibh ina leith, tá fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh le clare@gaeloideachas.ie.

Teimpléad: eolas do thuismitheoirí

Acmhainní Covid-19 do naíonraí

Tuigeann muid go bhfuil ganntanas acmhainní Covid-19 ar fáil i nGaeilge do lucht na naíonraí faoi láthair. Táimid ag plé leis na heagraíochtaí Stáit atá freagrach as seo maidir le póstaeir i nGaeilge a chur ar fáil. Táimid freisin ag plé le roinnt de na comhlachtaí agus eagraíochtaí eile a chur ábhar ar fáil, roinnt de i nGaeilge, ach go bhfuil botúin sa Ghaeilge acu. Táimid ag fanacht ar leaganacha ceartaithe le teacht uathu.

Is feidir teacht ar an méid atá ar fáil faoi láthair ó na heagraíochtaí éagsúla ar gaeloideachas.ie ag an nasc seo: https://gaeloideachas.ie/covid-19-eolas-acmhainni/?lang=ga

Tá comhairle faighte againn ó mhúinteoirí naíonra maidir leis na cineál póstaer gur mian leo a bheith ar fail dóibh - aonfhoclach, simplí, tarraingteach. Tá cinneadh glactha againn iad a dhearadh agus a chló, agus cuirfear chugaibh an tseachtain seo chugainn iad i bhfoirm PDF agus i bhfoirm clóite sa phost chuig gach naíonra chomh maith.

Leabhair rolla agus timpiste

Tá na leabhair rolla agus na leabhair timpiste a chuireann Gaeloideachas ar fáil saor in aisce ar a mbealach chuig gach naíonra a rinne ordú linn. Bhí moill orthu i mbliana toisc na seirbhísí a bheith dúnta.

mhoill, mar sin seo chugaibh PDF gur féidir a chló idir an dá linn, chun gur féidir rolla a choinneáil agus ansin a aistriú isteach sa leabhar rolla mar is ceart nuair a thagann sé sa phost.

Má tá ceist ort maidir le hordú do leabhair rolla agus timpiste, is féidir teagmháil a dhéanamh le Brigid: eolas@gaeloideachas.ie.

Leabhar rolla sealadach le cló

Ábhar do na naíonraí ar gaeloideachas.ie

Seo chugaibh meabhrú maidir le roinnt dena bhfuil ar fáil ar ár suíomh faoi láthair do phobal na naíonraí:

- Mol (hub) don mhúinteoir naíonra
- Mol don tuismitheoir naíonra
- Acmhainní
- Foilseacháin agus treoirleabhair do mhúinteoirí naíonra
- Ábhar bolscaireachta dírithe ar thuismitheoirí
- Cuir le do mhuinín sa Ghaeilge (do mhúinteoirí naíonra)
- Cuir le do mhuinín sa Ghaeilge (do thuismitheoirí, agus dóibh siúd a mhúineann ranganna Gaeilge do thuismitheoirí)
- Grúpa Facebook do mhúinteoirí naíonra
- Físeán den cheardlann PEAR do mhúinteoirí naíonra

An bhfuil moltaí agat maidir le rudaí sa bhreis go bhféadfaí a chur ar an suíomh? Roinn linn iad! Seol ríomhphost chuig clare@gaeloideachas.ie.

Tae agus plé i ndiaidh athoscailt

Cad iad na athruithe a chur sibh cur i bhfeidhm sa seomra naíonra de dheasca COVID-19? Ba bhreá linn cloisteáil fúthu. Táimid ag iarraidh creatlach a chur le chéile lán le moltaí agus nodanna do mhúinteoirí naíonra ó thaobh na cleachtaí nua atá agaibh.

Más suim leat cloisteáil ó mhúinteoirí eile agus roinnt aiseolas a fháil, ní gá ach ríomhphost a chur go katie@gaeloideachas.ie agus liostaigh 3 rud nua a chur tú nó a chuirfidh tú i bhfeidhm sa seomra naíonra.

Ba mhaith linn deis a thabhairt daoibh teacht le chéile ar líne i ndiaidh athoscailt chun bhur gcuid cleachtaí nua a phlé agus a roinnt. Seachtain no mar sin i ndiaidh daoibh filleadh, scaipfimid cuireadh Zoom le go mbeidh deis agaibh plé a dhéanamh linn agus lena chéile maidir le bhur dtaithí, chun gur féidir tacaíochtaí cuí a aithint agus foghlaim óna cheile.

Beidh oraibh féin an tae agus na brioscaí a ullmhú sa bhaile, faraor, ach tá súil againn nach mbeidh an lá ró fhada uainn go mbeimis in ann bailiú le chéile arís.

3 rud nua?

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo